CAIBIDIL 6

TURASÓIREACHT

6.1. Réamhrá

6.1.1 Tá tionscal turasóireachta Chiarraí ina fhórsa suntasach eacnamaíoch agus sóisialta sa chontae le 15% de lucht oibre an chontae fostaithe san earnáil seo i 2006. Leis an fás i saibhreas, soghluaisteacht agus am saor, tá turasóireacht mar cheann de na réimsí fáis móra sa gheilleagar náisiúnta. Chaith 3.6 milliún cuairteoir €1,233m in iomlán i réigiún an Iardheiscirt i 2006, le méadú de 10.6% ar meán in aghaidh na bliana ó 2001 i leith. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath tá an fardal bonneagair turasóireachta is fearr sa tír ag contaetha Chiarraí agus Chorcaí – le chéile déanann siad suas 20% de acmhainn na tíre. Tá an réigiún seo chun tosaigh thar an gcuid is mó de chatagóir táirgí turasóireachta agus tá seasamh an-láidir aige sa mhargadh um thurais eagraithe. Is é Fáilte Éireann an Iar dheiscirt an t-údarás turasóireachta do chontaetha Chorcaí agus Chiarraí agus trí shuirbhéanna faoi leibhéil sásaimh turasóireachta déanadh amach go bhfuil caighdeán táirge turasóireachta Chiarraí i measc na caighdeáin is airde sa tír. Aithníonn Fáilte Ireland South West – Regional Development Plan 2008 -2010 deiseanna suntasacha le haghaidh forbairt ar tháirgí agus feabhas maidir le cainníocht agus caighdeán acmhainní turasóireachta an chontae, a fheabhsóidh feidhm agus cumas turasóireachta an cheantair go mór nuair a thagann sé chun críche. Sholáthar an bplean réigiúnach seo an **chreatlach le haghaidh forbairt an straitéis turasóireachta um thalamhúsáid, cuspóirí agus polasaithe leagtha amach san phlean seo.**

6.1.2 Is ionad turasóireachta idirnáisiúnta agus intíre iomráiteach é Ciarraí le próifíl turasóireachta ilghnéitheach a tharraingíonn ar bhuntáistí nádúrtha an chontae mar chontae sárscéimhe le nós maireachtála uathúil agus ofráil cultúrtha a thug tacaíocht do fhás leanúnach an tionscal turasóireachta go dtí seo. Fuair suirbhé ar chuairteoirí a chomhlíon Fáilte Éireann i 2006 amach gur luaigh 80% de na freagróirí go raibh radharcra na hÉireann mar chúis tábhachtach chun cuairt a thabhairt fad is go raibh 74% meallta ag an timpeallacht gan mhilleadh. Sa bhreis ar seo, luaigh 58% de na freagróirí gur cathracha agus bailte tarraingteacha na hÉireann an chúis a roghnaíodar laethanta saoire a chaitheamh in Éirinn. Sna catagóirí seo ar fad tá Ciarraí suite go maith chun cuairteoirí a mhealladh spreagtha ag caighdeán na timpeallachta nádúrtha agus tógtha. An príomh-acmhainn eile le haghaidh turasóireacht is ea oidhreacht chultúrtha, teangeolaíoch, liteartha, stairiúil agus seandálaíochta an chontae. Is mar thoradh ar spéis san oidhreacht, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, atá na sócmhainní seo mar phríomh-acmhainní anois.

6.1.3 Fuair athbhreithniú mór faoin mbranda 'Éireann' a ghlac Tourism Ireland de lámh an bhliain seo caite amach go raibh Éire fós mar cheann scríbe tarraingteach le haghaidh lucht saoire i bpríomh-mhargaidh. D'aithin an t-athbhreithniú chomh maith chun leanúint de bheith rathúil agus chun fás i líon na gcuairteoirí a choimeád suas in áit mhargaidh an-iomaíoch; go mbeidh ar an mbranda 'Éireann' idirdhealú níos láidre fós a dhéanamh ó bhrandaí eile. Ag leanúint uaidh seo, beidh ar tháirge turasóireachta Chiarraí a bheith cumtha ag na saintréithe sin atá uathúil go Ciarraí chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus margaidh intíre agus margaidh thar lear. Tharraing an bhéim seo ar idirdhealú de réir riachtanais ar éagsúlú ar tháirgí turasóireachta go réimsí nua agus neamh-shaothraithe ar féidir leo tarraingt ar shócmhainní fisiceacha agus cultúrtha, saintréitheach don chontae fad is atá siad ag leanúint de bheith ag tógáil acmhainní in earnálacha den margadh turasóireachta ina bhfuil Ciarraí rathúil cheana féin.

6.1.4 D'aithin Fáilte Ireland – South West an earnáil um nádúr agus oidhreacht, ag comhaontú ionaid agus áiseanna folláine, mar mhargadh ina bhfuil acmhainní nádúrtha Chiarraí lonnaithe go maith ionas go n-éireoidh leo. Tá na hacmhainní seo oiriúnach le haghaidh tuilleadh forbartha san earnáil áineasa trí fhorbairt ar mhargaí nideoige, mar shampla saoirí rothaíochta/siúil, turais seandálaíochta agus nádúir, turais um fhoghlaim na teanga Béarla, agus margaí speisialtóra cosúil le saoirí gníomhaíochta, turasóireacht timpeallachta nó cultúr-bhunaithe. Cuireann gach ceann de na gníomhaíochtaí seo an deis ar fáil táirge turasóireachta Chiarraí a éagsúlú agus a mhéadú agus tairbhe a bhaint as na seachthairbhí giniúna agus éileamh le haghaidh seirbhísí breise. Tá Ciarraí suite go maith chun bheith mar cheann scríbe suntasach don margadh atá ag dul i méid le haghaidh saoirí bunaithe ar chultúr agus na healaíona trí fhorbairt a dhéanamh ar a chuid sócmhainní cultúrtha dúchasacha. Bíonn na gníomhaíochtaí seo atá bunaithe ar chultúr mar ghníomhaíochtaí dea-mhéine go minic, ag tabhairt tacaíochta do chineálacha eile saoire.

6.1.5 Caithfear go gcumfaí fás sa tionscal turasóireachta ní amháin ag ár tírdhreacha, ár oidhreacht cultúrtha, ár dtimpeallacht agus ár oidhreacht teangeolaíoch atá saintréitheach go Ciarraí, ach ar thuiscint go bhfuil luach intreach ag gach ceann de na sócmhainní seo atá níos tábhachtaí ná an luach atá acu mar shócmhainn turasóireachta amháin. Tá sé mar chuspóir ag an bplean seo mar sin, dul sa tóir ar straitéis le haghaidh forbairt tionscal turasóireachta inbhuanaithe a íoslaghdaíonn droch-thionchair ar phobail áitiúla, an oidhreacht tógtha, tírdhreacha, gnáthóga agus speicis, á fhágáil neamh-laghdaithe mar acmhainn don todhchaí, fad is atá siad ag tabhairt tacaíochta don rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch. Tá gá ag pleanáil turasóireachta inbhuanaithe mar sin le cothromaíocht idir riachtanais an chuairteora, na háite, sócmhainní oidhreachta agus an phobail áitiúil.

6.1.6 De bharr a nádúr tá an cumas ag sainréimse turasóireachta forbairt i suímh ar fud an chontae agus mar sin ranníocaíocht a dhéanamh i leith forbairt eacnamaíoch ceantair imeallacha agus tuaithe le boinn eacnamaíochta lag, agus áit atá gníomhaíochtaí turasóireachta dírithe cheana féin. Sa bhreis ar thacaíocht a thabhairt do fheabhsú ar réimsí atá rathúil cheana féin trí thógáil ar a gcumas turasóireachta, spreagann an SNS forbairt ar phoitéinsiúil turasóireachta i gceantair atá lag go heacnamaíoch le cumas turasóireachta.

6.1.7 Soláthraíonn an plean seo creatlach pholasaí agus chuspóra le haghaidh forbairt earnáil turasóireachta níos éagsúlaithe agus inbhuanaithe i líne leis an Regional Tourism Development Plan for 2008 – 2010 for the South West Region nua-uchtaithe. I rith an phlean seo a chur i bhfeidhm áfach, aithnítear nach bhfuil polasaithe turasóireachta agus oidhreachta 'neamhspleách' agus go dtugann an plean seo príomhshruthú agus tacaíocht do thurasóireacht trí pholasaithe gaolta – cosúil le iompar, acmhainní nádúrtha agus polasaithe lonnaíochta. Aithnítear chomh maith go mbeidh gá le cur chun cinn il-ghníomhaireachta comhtháite le haghaidh forbairt tionscal éagsúlaithe agus inbhuanaithe an tionscail turasóireachta agus tá sé mar chuspóir ag an bplean seo obair le páirtithe straitéiseacha an Chomhairle agus le Fáilte Ireland -South West Region go háirithe.

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -1	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt ar thionscal turasóireachta éagsúlaithe trí mhéadú a dhéanamh ar mhargaidh nideoige i mbealach atá inbhuanaithe go sóisialta, go heacnamaíoch agus ó thaobh an comhshaoil de.
T 6 -2	Cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar na tréithe nádúrtha, tógtha agus cultúrtha a dhéanann suas bonn tionscal turasóireachta an Chontae, lena n-áirítear ceantair le tírdhreach tábhachtach, radharcra cósta, ceantair atá tábhachtach ó thaobh spéis san fhiadhúlra, foirgnimh agus struchtúir stairiúla agus foirm thraidisiúnta agus cuma ghinearálta bailte agus sráidbhailte.
T 6 -3	Spreagadh a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe Mol Thrá Lí – Chill Airne, Mórchuaird Chiarraí agus Leithinis an Daingean mar na príomh-mhoil turasóireachta.
T 6 -4	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt ar thurasóireacht i gceantair ina bhfuil turasóireacht tearcfhorbartha faoi láthair agus áit atá gá le forbairt ar thionscnaimh turasóireachta áitiúla chun an cumas turasóireachta iomlán a bhaint amach.
T 6 -5	Cuir chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt ar thurasóireacht i mbealach inbhuanaithe agus spreagadh a dhéanamh ar sholáthar réimse uileghabhálach áiseanna turasóireachta, faoi réir suímh, critéir láithreánaithe agus deartha, cosaint limistéir íogair comhshaoil agus léirmheasanna pleanála eile.
T 6 -6	Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair bainteach le turasóireacht cosúil le iompar, rochtain agus lóistín turasóireachta ar ard-chaighdeán, áit atá molta de réir forálacha an phlean seo.
T 6 -7	Bunú nithe spéise suaitheanta do thurasóirí a dhaingniú sa Chontae, faoi réir gnáth-chaighdeáin bainistíochta forbartha.
T 6 -8	Ceantair le haghaidh forbairt turasóireachta a aithint agus a chosaint laistigh do lonnaíochtaí trí phróiseas an phlean ceantair áitiúil.
T 6 -9	Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Regional Tourism Plan for the South West, 2008 - 2010 le uimhreacha turasóirí a mhéadú, méadú ar chaitheamh in aghaidh an chuairteora, agus ceisteanna bainteach le séasúracht a laghdú mar an aidhm.
T 6 -10	Caidreamh a dhéanamh le páirtithe straitéiseacha cosúil le Fáilte Éireann (Réigiún an Iardheiscirt), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, na Boird Iascaigh Réigiúnacha, Uiscebhealaí Éireann, Coillte agus comhlachtaí ábhartha eile ar straitéisí um thalamhúsáid a aithint le haghaidh réimsí ag díriú ar a luachanna turasóireachta, timpeallachta agus oidhreachta.

6.2 Turasóireacht Tírdhreacha

6.2.1 Tá saintréithe fisiceacha an Chontae mar phríomh-cháilíocht ina ofráil turasóireachta le áilleacht radhairc an cheantair ag cuir taca faoi thionscal turasóireachta bunaithe le tamall fada. Tá samhlaíocht na gcuairteoirí a bhíonn ag cuardach an Éire 'fhiáin', 'iargúlta', 'réadach' le bóithre oscailte, cultúr agus tuath gan mhilleadh tógtha le ainm agus íomhá an chontae – An Eispéireas Gaelach. Tá tírdhreach ilghnéitheach ag an gContae ag réimsiú ó shléibhte agus ardtailte go dtí líne chósta an tAtlantach lena shráidbhailte agus oileáin phictiúrtha. Tá ísealchríocha agus cnoic shéimhe Tuaisceart an Chontae mar chodarsnacht suntasach le líne chósta gharbh an tAtlantach agus cnoic agus sléibhte an Deiscirt agus an Iarthair.

6.2.2 Cuireann tréithe cosúil le Locha Chill Airne, leithinis an Daingin agus Béara agus Oileán Dairbhre radharcra drámatúil agus áiteanna áille le cuairt a thabhairt orthu ar fáil. Sa bhreis ar seo, tá cúlra na Macgillicuddy Reeks mar chúlra tarraingteach do an-chuid de bhailte agus sráidbhailte na Contae, chomh maith le bheith mar ábhar mealltachta do shiúlóirí agus do dhreapadóirí araon. Maíonn an Chontae roinnt mhaith do na tréithe tírdhreacha is suntasaí sa tír, le Carrán Tuathail mar an sliabh is airde sa tír agus Pas Chonchuir mar an mám sléibhe is airde in Éirinn. Tá Mórchuaird Chiarraí agus Locha Chill Airne i measc na cinn scríbe is cáiliúla sa tír.

6.2.3 Soláthraíonn na gairdíní oidhreachta, sléibhte, foraoisí, coillearnaí, locha, abhainn, línte cósta, oileáin amach ón gcósta, tránna áille agus ceantair le tírdhreach tuaithe gan mhilleadh an deis an raon is leithne de thóraíochtaí um chonláistí nádúrtha, folláine agus áineasa a fhorbairt. Tá an margadh turasóireachta ag bogadh amach ó chuairteoirí a thagann ar feadh tréimhsí gearra i gcarranna agus cóistí i dtreo eispéiris barántúla nádúrtha agus bunaithe ar oidhreacht atá dírithe ar pháirtíocht an chuairteora le sócmhainní nádúrtha an réigiúin. Chun an margadh seo atá ag dul i méid a ghnóthachain tá sé riachtanach acmhainní nádúrtha an chontae a fhorbairt chun eispéiris saoire bunaithe ar an nádúr a thabhairt san áireamh ag imeascadh folláine le gníomhaíochtaí bainteach le eachtraíocht. San earnáil seo áirítear saoirí rothaíochta, turais seandálaíochta agus nádúir, saoirí eachaíochta, turasóireacht chnocadóireachta, fámaireacht, sléibhteoireacht, fiadhúlra, conair oidhreachta, geolaíocht agus gníomhaíochtaí bainteach le sláinte cosúil le idirghabháil, leigheas malartach, feirmeacha sláinte, agrai-thurasóireacht agus laethanta saoire láraithe ar bhia. Tá an earnáil seo den mhargadh ardtoraidh i dtéarmaí níos mó caiteachais ó chuairteoirí agus méadú sa líon ama a fhanann cuairteoirí sa chontae.

6.2.4 Beidh inmharthanacht an chomhshaoil lárnach i bhforbairt agus cosaint earnáil turasóireachta fhadtéarmach agus inmharthana sa Chontae áit atá nithe is díol spéise do thurasóirí lonnaithe i limistéir íogair comhshaoil, cosúil le líne an chósta, ar na hoileáin agus gar do limistéir stairiúla. Caithfear caighdeán an oidhreacht tógtha agus an comhshaol nádúrtha a chosaint ó fhorbairt mhí-oiriúnach bíodh sé bainteach le turasóireacht nó nach mbíodh. Tá cosaint na timpeallachta mar phríomh-chuid den phlean seo le cuspóirí le haghaidh cosaint agus feabhsú limistéir nádúrtha. Tá cuspóirí san áireamh le haghaidh cosaint dobharlacha agus screamhuisce. Tá limistéir suntasacha den contae ainmnithe mar ghnáthóga cosanta arna dtugtar, Ceantair Oidhreachta Nádúrtha, Limistéir Chaomhnaithe Speisialta, Ceantair Chosanta Speisialta le cuspóirí le haghaidh cosaint tírdhreacha do limistéir íogair tírdhreacha. Tá cuspóirí imlínithe chomh maith le haghaidh cosaint coillearnaí agus conláistí. Ina theannta sin, aithníonn an straitéis lonnaíochta mar atá imlínithe sa phlean seo an ghá atá le tírdhreacha íogair a chosaint ó fhorbairt mhí-oiriúnach agus áirítear creatlach polasaithe chun laghdú a dhéanamh ar thionchar forbartha ar an gcomhshaol nádúrtha.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Tírdhreacha
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -11	Soláthar bonneagar áineasa agus turasóireachta a spreagadh áit a chloíonn moltaí le cuspóirí agus polasaithe uile an phlean seo.
T 6 -12	Cinntiú go mbeidh forbairt tógtha agus gníomhaíochtaí eile bainteach le turasóireacht oiriúnach i ngach slí le carachtar na háite ina bhfuil siad lonnaithe. Baineann sé seo le scála, dearadh agus nádúr na háite chomh maith leis an talamhúsáid ar leith, riachtanais eacnamaíocha agus sóisialta na háite agus a timpeallacht.
T 6 -13	Na hacmhainní nádúrtha arna bhfuil turasóireacht bunaithe a chosaint lena n-áirítear carachtar na tírdhreacha, portaigh, caighdeán uisce agus bithéagsúlacht.
T 6 -14	Spreagadh a dhéanamh ar fhás earnáil 'nádúr agus oidhreacht' na Contae ag ceangail gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir cosúil le siúl, fánadóireacht agus rothaíocht agus eachtraíocht le ionaid agus áiseanna speisialtóra folláine.
T 6 -15	Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt éiceathurasóireacht ionas gur féidir raon eispéiris na dturasóirí atá ar fáil sa Chontae a éagsúlú agus an séasúr turasóireachta a shíneadh.
T 6 -16	Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agrai-thurasóireachta i bhfoirm lóistín le haghaidh cuairteoirí ar fheirmeacha agus gníomhaíochtaí forlíontacha cosúil le feirmeacha sláinte, gníomhaíochtaí láraithe ar bhia, conair oidhreachta agus nádúir, fálróid ar chapaillíní agus bádóireacht i lonnaíochtaí oiriúnacha de réir cuspóirí forbartha agus caighdeáin an phlean seo.
T 6 -17	Ceadúnas a thabhairt go ginearálta do ath-fhorbairt tráchtála a dhéanamh ar fhoirgnimh atá folamh nó barraíochta chun soláthar do chóiríocht do chuairteoirí agus forbairt turasóireachta.
T 6 -18	Úsáid tithe i limistéir tuaithe le haghaidh soláthar cóiríocht chuairteora tráchtála ar scála beag a cheadú, áit nach gcúisíonn soláthar mar seo guais trácht nó droch-thionchar ar chonláiste cónaithe nó ar an timpeallacht.
T 6 -19	Úsáid sléibhte, móinteáin agus foraoiseacha, gleannta agus locha a spreagadh le haghaidh gníomhaíochtaí cosúil le cnocadóireacht agus gníomhaíochtaí bainteach leis an nádúr i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit, úinéirí talún agus comhlachtaí eile a bhfuil spéis acu agus grúpaí pobail áitiúla. Maidir leis seo, feabhsóidh an Chomhairle rochtain agus cruthófar cearta slí poiblí áit is cuí, faoi réir acmhainní airgeadais.

T 6 -20	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt, le comhoibriú úinéirí príobháideacha, do rochtain phoiblí go suímh oidhreachta agus tréithe atá spéisiúil ó thaobh seandálaíochta de, ceantair chósta, sléibhte, abhainn, locha agus conláistí nádúrtha eile.
T 6 -21	I suímh chuí, breathnú ar úsáid agus áiseanna turasóireachta bainteach le gníomhaíochta/folláine áit a: -Coimeádfar carachtar an tírdhreach atá ann agus nach mbeadh an fhorbairt molta díobhálach do acmhainní radharcra agus oidhreachta i cSACanna, SPAanna, NHAanna molta, tírdhreacha cosanta ainmnithe nó limistéir íogair ó amharc ar bhealaí mórscéimhe ainmnithe. - Bhíonn forbairt mholta cóngarach do ní is díol spéise do thurasóirí/caithimh aimsire reatha agus nach mbeadh droch-thionchar ar an limistéar nó nach mbainfear ón bhforbairt reatha. - Bhíonn an dearadh molta de réir carachtar na háite. Cuirfear isteach ráiteas dearaidh faoi réir an chritéir leagtha amach i gCaibidil 13 le aon iarratas pleanála. -Caithfear aon fhorbairt, lena n-áirítear forbairtí cónaitheacha coimhdeacha a choimeád faoi úinéireacht singil nó coiteann. Cloíonn an fhorbairt molta le cuspóirí agus polasaithe an phlean seo.
T 6 -22	Cinntiú áit a moltar forbairt áiseanna do chóiríocht tráchtála do thurasóirí agus cuairteoirí, go spreagfar go mbeidís suite laistigh de lonnaíochtaí. Éileofar go mbeadh moltaí mar seo ar scála oiriúnach don lonnaíocht ina suífear iad chun beogacht agus inmharthanacht na lonnaíochta a choimeád nuair nach mbeadh lóistín mar seo gafa.

6.3 Turasóireacht Chósta

6.3.1 Tá oidhreacht mhuirí saibhir ag líne chósta Chiarraí agus tá cáil uirthi mar gheall ar an ilghnéitheacht agus an áilleacht atá le feiceáil, agus í ag síneadh níos mó ná 1000 km. Tá an earnáil turasóireachta Muirí ag leanúint de bheith ag fás agus tá Ciarraí suite go maith chun tairbhe a bhaint as an earnáil seo atá ag dul i méid. Tá líonra forbartha ann de shráidbhailte cósta agus cois farraige thar bord farraige an tAtlantach agus maíonn an Chontae thart ar 13 de na 81 tránna brait ghoirm atá sa tír – ag Baile an Sceilg, Baile an Bhuinneánaigh (Tuaisceart agus Deisceart), Baile Uí Thaidhg, Banna, Doire Fhionruin, An Fhianait, Inse, Na Cealla, Maherabeg, Ross Béithe, Ceann Trá agus Cathair Saidhbhín.

6.3.2 Mar sin, tá na hacmhainní ag Ciarraí le haghaidh forbairt chósta fairsing le muiríní, ionaid seoltóireachta nua agus feabhsaithe, slatiascaireacht agus rochtain fheabhsaithe ar an gcósta. Measann seoltóirí agus clársheoltóirí go bhfuil tonnghníomhú thart ar chodanna do chósta Chiarraí thar barr. Soláthraíonn tonnghníomhú mar sin, i gcomhar le caighdeán thránna Chiarraí,

suíomh idéalach le haghaidh gníomhaíochtaí clársheoltóireachta. Reachtaíodh an comórtas domhanda clársheoltóireachta i gCiarraí, ag marcáil an chontae amach mar thimpeallacht chlársheoltóireachta ar ard-chaighdeán.

6.3.3 Le blianta beaga anuas, bhí creimeadh cósta mar chúis ar dhamáiste suntasach i gceantair áirithe. Tá cosaint an bhonneagair eisigh agus áilleacht gan mhilleadh líne an chósta iomlán rí-thábhachtach más féidir an acmhainneacht caithimh aimsire agus turasóireachta a réadú i mbealach inbhuanaithe. Ag tabhairt faoi deara tábhacht líne chósta le radhairc áille caithfear bheith an-chúramach ag bunú suímh le haghaidh láthair charbháin bhreise ionas nach laghdófar luach conláiste líne an chósta agus an córas duimhce.

6.3.4 Cuireann úsáidí muirí deiseanna i láthair chun éagsúlú a dhéanamh ar tháirge turasóireachta na contae. Maidir le méid oidhreacht muirí na contae agus láidreachtaí dúchasacha purláin chósta an réigiúin tá cumas suntasach ann an margadh turasóireachta nideoige seo a fhorbairt. Tá sé mar chuspóir de chuid na comhairle mar sin úsáidí bainteach leis an muir a spreagadh. Tugann forálacha Fáilte Ireland South West – Regional Tourist Development Plan tacaíocht don chuspóir seo a mholann forbairt ‘bráisléad’ muiríní ar chóstaí Chorcaí agus Chiarraí agus braisle de suas le cúig ‘Ionad Barr Feabhais’ seoltóireachta sa réigiún.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Chósta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -23	Forbairt ar thurasóireacht mhuirí a spreagadh nuair a bhíonn sí in oiriúint le cuspóirí agus caighdeáin forbartha an phlean seo, lena n-áirítear soláthar na n-áiseanna stórála agus cothabhála riachtanacha.
T 6 -24	Forbairt a laghdódh luach conláiste agus/nó eacnamaíoch na locha nó tránna nó aon cheann dá acmhainní nó conláistí go suntasach a thoirmisc.
T 6 -25	Srianadh a dhéanamh ar fhorbairtí nua neamh-mhuirí i ndúiche línte cladaigh. Ní bhreathnófar ar mholtaí le haghaidh forbairtí mar seo go ginearálta.
T 6 -26	Rochtain feabhsaithe ar líne an chósta a thacú agus a spreagadh le comhoibriú úinéirí talún príobháideacha.
T 6 -27	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt muiríní áit a bhíonn siad in oiriúint leis na caighdeáin seo a leanas– **-** Tá an moladh seo ag suíomh ina bhfuil gníomhaíochtaí gaolmhara faoi bhealach cheana féin, nó áit ina bhfuil éileamh inláimhsithe le haghaidh áis mar sin. **-** Soláthraítear doimhneacht uisce imleoir, socruithe calaithe le haghaidh árthaigh pléisiúir, cabhair loingseoireachta, pontún, soilsiú, fearais sábháilteacht dóiteáin, áiseanna leithris, leibhéal imleoir de rochtain ón mbóthar, páirceáil, dír-rochtain agus siúlbhealaí go dtí na báid. Imeascfar áiseanna cosúil le céanna báid isteach i líne an chladaigh agus seachnófar pointí le haghaidh iontógáil uisce. Cuirtear áiseanna chun déileáil le fuíolluisce agus bruscair/dramhaíl soladach ar fáil in oiriúint le caighdeáin agus rialúcháin an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Roinn Chomhshaoil Comhairle Contae Chiarraí

6.4 Uiscebhealaí Intíre

6.4.1 Tá abhainn agus locha lár-Chiarraí mar thaca do raon ilchineálach flóra agus fána. Cuireann na huiscebhealaí seo deiseanna fóillíochta agus conláiste suntasacha ar fáil – lena n-áirítear siúlóidí, slatiascaireacht, agus éiceathurasóireacht agus rotharbhealaí. Go ginearálta níor baineadh amach cumas turasóireachta uiscebhealaí na contae. Díríonn Caibidil 9 ar fhorbairt bealaí siúlóide sa chontae. Sa bhreis ar na bealaí iad féin, tá gá ann riachtanais na gcuairteoirí agus ionaid seirbhíse thar chonairí uiscebhealaí a aithint chun cinntiú go bhfuil bealaí mar sin infheidhmithe. Tá gá ag siúlóirí le seirbhísí cosúil le lóistín, áiseanna leithris agus asraonta bia. Ar an mbonn céanna, braitheann slatiascaireacht ar bhonneagar mar sin agus ar dír-rochtain ar an abhainn/loch. Tá gach úsáid bainteach le folláine ar an uisce ag brath ar chosaint a dhéanamh ar chaighdeán na timpeallachta agus tá sé mar chuspóir ag an údarás pleanála forbairt a mbíonn droch-thionchar aici ar luachanna oidhreachta nádúrtha uiscebhealaí a thoirmisc.

Cuspóir Uimh.	Uiscebhealaí Intíre
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -28	Breathnú ar mholtaí le haghaidh áiseanna turasóireachta/folláine i suímh uiscebhealaí oiriúnacha áit a aithníodh gá leo.
T 6 -29	Tacaíocht a thabhairt do fheabhsaithe rochtana ar uiscebhealaí áit is cuí.
T 6 -30	Bonneagar le haghaidh gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce cosúil le bádóireacht, slatiascaireacht agus cúrsáil abhainn a éascú, chun níos mó nascálacha le abhainn agus locha na Contae a spreagadh.
T 6 -31	Cinntiú go n-aithneodh gach moladh a mbeadh tionchar aige ar radhairc agus caol-léargais ó uiscebhealaí, le príomh-fheidhm turasóireachta, an ceantar ar a mbeadh an tionchar amhairc ón bhforbairt. Beidh an t-eolas a chuirfear isteach dóthanach chun cúnamh a thabhairt don tÚdarás Pleanála in anailís amhairc sásúil. I ngach iarratas áireofar ar a laghad léarscáil ag léiriú an 'crios tionchair amhairc' agus léarscáileanna/léiriúcháin ag aithint tionchar fhorbairt nua ar na radhairc agus na caol-léargais ón uiscebhealach.

6.5 Turasóireacht Uirbeach

6.5.1 Tá roinnt mhaith bailte turasóireachta tábhachtacha ag an Chontae agus is cinn scríbe iad seo iontu féin le haghaidh turasóirí. Tá na hionaid uirbeacha seo cosúil le Cill Airne, An Daingean, Neidín agus Cill Orglan mar tharraingtí mar gheall ar a gcarachtar, suíomh agus timpeallacht agus mar gheall ar an raon uathúil roghanna gníomhaíochtaí agus nósanna maireachtála a chuireann siad ar fáil.

6.5.2 Tá na trí phríomh-bhailte sa Chontae – Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail ina n-ionaid seirbhíse agus turasóireachta tábhachtacha. Tá miondíoltóireacht í féin mar tharraingt agus mar ghné thábhachtach den taithí 'turasóireacht uirbeach'. Tá próifíl measartha ag Trá Lí i measc cuairteoirí bainteach le gnó, toisc gurb í Baile na Contae, fad is go bhfuil cáil ar Chill Airne mar gheall ar a timpeallacht álainn agus a gaireacht go tírdhreacha nádúrtha cosúil leis na locha agus an Páirc Náisiúnta. Bíonn aithne ag daoine ar Lios Tuathail mar gheall ar an oidhreacht liteartha agus lár an bhaile stairiúil don chuid is mó. Tá fiúntais na timpeallachta sna hionaid seo agus ionaid eile, lárnach sa 'taithí uirbeach' seo agus idirdhealaíonn siad bailte i gCiarraí ó bhailte i gcontaetha agus i dtíortha eile. Tá sé tábhachtach carachtar agus uathúlacht bailte turasóireachta a choinneáil chun idirdhealú a dhéanamh idir táirge turasóireachta na contae agus daoine atá ag long 'cultúr agus taithí' a mhealladh fad is atá branda turasóireachta Chiarraí á chur chun cinn. Bíonn éifeacht mhór ar an eispéireas uirbeach ag braith ar an mbealach ina bpleanáltar, ina ndeartar agus ina mbainistítear bailte chun féiniúlacht a fheabhsú agus a neartú seachas chun timpeallachtaí aonchineálacha go cultúrtha a chruthú.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Uirbeach
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -32	Carachtar dúchasach bailte agus sráidbhailte a chosaint trí chuspóirí deartha agus oidhreachta an phlean seo agus cuspóirí pleananna ceantair áitiúil a chur i bhfeidhm.
T 6 -33	Dealramh amhairc bailte agus sráidbhaile a fheabhsú trí leanúint le scéimeanna timpeallachta, rialúchán ar dhearadh agus dearóiliú a bhaint.

6.6 Turasóireacht Tuaithe

6.6.1 Cé go bhfuil táirge turasóireachta na hÉireann bainteach go ginearálta le gníomhaíochtaí saoire bunaithe faoin tuath bhí an forleathnú in uimhreacha turasóirí agus ioncam mar bhuntáiste do cheantair uirbeacha le turasóireacht tuaithe fós mar nideog beag go leor i dtéarmaí comhthéacs na turasóireachta foriomlán. Tá turasóireacht tuaithe bunaithe ar chonláistí áitiúla, oidhreacht nádúrtha agus tionscadail éagsúlaithe fheirme a fheabhsaíonn an eacnamaíocht tuaithe áitiúil agus bíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí tuaithe lena n-áirítear áiseanna cóiríochta páirteach. Tá pobail tuaithe i dtréimhse um athrú gasta sóisialta agus eacnamaíoch. Tá sé seo fíor ach go háirithe i gceantair tuaithe ina bhfuil deiseanna fostaíochta i dtalmhaíocht ag dul i laghad. Mar thoradh ar seo tá tábhacht na turasóireachta go dtí an geilleagair tuaithe ag fás agus i gcásanna áirithe tá sí ríthábhachtach go geilleagair na ceantair seo.

6.6.2 Braitheann todhchaí turasóireacht tuaithe ar chaipitliú ar na deiseanna a chuireann turasóireacht tírdhreacha ar fáil mar atá leagtha amach thuas, agus ar an gá atá le éagsúlú feirme nó gníomhaíochtaí feirme comhroghnaithe chomh maith ag tógáil saoirí eachaíochta, seandálaíochta agus turais nádúir, feirmeacha sláinte, saoirí bainteach le bia, táirgí nideoige cosúil

le bia agus ceirdeanna san áireamh. Mar thoradh ar seo tá sé mar chuspóir ag an gcomhairle tacaíocht a thabhairt do fhiontair turasóireachta ar an bhfeirm nó bainteach leis an bhfeirm áit a chomhaontaíonn moltaí le forálacha an phlean seo, le aird ar leith ar thírdhreacha agus éicea-chórais a chaomhnú.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Tuaithe
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -34	Forbairtí bainteach le turasóireacht faoin tuath a chur chun tosaigh.
T 6 -35	Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt saoirí ar ard-chaighdeán bunaithe ar an nádúr ag imeascadh folláine le eachtraíocht agus gníomhaíochtaí bainteacha - 'Nádúr agus Cothú.
T 6 -36	Breathnú ar mholtaí le haghaidh fiontair/forbairtí turasóireachta ar an bhfeirm nó bainteach leis an bhfeirm agus bonneagar atá bainteach le aire ar leith ar pholasaithe rangaithe tírdhreacha an phlean seo agus príomh-fheidhm feirmeacha teaghlaigh.
T 6 -37	An cothromaíocht is fearr a lorg, idir cead a thabhairt do fhorbairtí a éascóidh leathnú ar an tionscal turasóireachta agus cosaint a thabhairt do éicea-chórais agus éiteas cultúrtha a dhéanann suas cuid de na luachanna oidhreachta atá uathúil don cheantar, agus atá tarraingteach do chuairteoirí.
T 6 -38	Cinntiú go mbíonn gach eilimint tógtha den agrai-thurasóireacht deartha i mbealach oiriúnach, imeasctha go sásúil isteach sa tírdhreach agus ag cloí le caighdeáin dearaidh agus forbartha atá leagtha amach sa phlean seo.

6.7 Suímh Oidhreachta

6.7.1 Tá saoirí oidhreachta ag tosú de bheith mar mhargadh nideoige tábhachtach trí chuairteanna go suímh áirithe, bealaí oidhreachta, busanna turas agus turais oideachasúla. Tá an Chontae saibhir go maith i dtéarmaí oidhreachta agus stairiúla de le tréithe atá aitheanta go domhanda cosúil le Sceilig Mhichíl (Suíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO) agus Cathair Na Stéige – dhá cheann de na tréithe is cáiliúla i measc tréithe uilig an Chontae, agus raon mór suímh eile – ag dul ó dhúnfoirt ar an gcósta go caisleáin, suímh seandálaíochta agus séadchomharthaí. Tá Na Blascaoidí, na tailte is faide siar san Eoraip, mar tharraingt mhór, le báid farantóireachta ag trasnú ó Dhún Chaoin agus ón Daingean ag tabhairt seans do chuairteoirí taithí a fháil ar iargúltacht agus áilleacht agus stair gan mhilleadh an Bhlascaod Mhór. In aithint a thabhairt do oidhreacht cultúrtha agus nádúrtha an oileáin atá ina fhianaise dhearfach ar thraidisiún cultúrtha atá tar éis imeacht as radharc, agus ar féidir ceangal díreach a dhéanamh le imeachtaí, traidisiúin bheo agus oibreacha liteartha, táthar ag lorg go n-ainmneofar an t-oileán mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda.

6.7.2 Sa bhreis ar thréithe tógtha, tá tírdhreach an Chontae nasctha ó dhúchas le scéalta na ndaoine agus an cultúr scéalaíochta traidisiúnta lena n-áirítear scéalta sí agus scéalta faoi eachtraí stairiúla cosúil leis an gorta mór. Tá gá ann oidhreacht agus timpeallacht na contae a chaomhnú le haghaidh a luach intreach chomh maith le cinntiú go bhfuil táirge turasóireachta inbhuanaithe ann. Cé go bhfuil sé riachtanach rochtain phoiblí a fheabhsú chun go mbeadh na hacmhainní seo ar fáil do mhuintir na contae agus do chuairteoirí, caithfear luachanna nádúrtha na suímh seo a chosaint.

6.7.3 Tá an chumas ag caisleáin, tithe agus gairdíní stairiúla leathnú a dhéanamh ar thurasóireacht nádúir agus oidhreachta ar fud an chontae uilig. Is féidir tithe Doire Fhionruin agus Mhuc Rois lena gairdíní stairiúla mórthaibhseacha atá mar tharraingtí turasóireachta a bhfuil an-mheas orthu, le chéile le suímh eile cosúla, a fhorbairt isteach in eispéireas saoire bunaithe ar théama. Tá sé mar chuspóir ag Fáilte Ireland –South West turasóireacht thar na téamaí 'Caisleáin, Tithe agus Gairdíní an Iardheiscirt' a fhorbairt.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Oidhreachta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -39	Oidhreacht tógtha na contae a chaomhnú trí na cuspóirí agus na polasaithe leagtha amach i gCaibidil 10 faoi Oidhreacht Tógtha a chur i bhfeidhm.
T 6 -40	Rochtain phoiblí ar shuímh agus tréithe oidhreachta áit is cuí a thacú agus a spreagadh, le comhoibriú ó úinéirí talún príobháideacha.
T 6 -41	Tacaíocht a thabhairt do bhearta chun Oileán an Bhlascaod Mhór a ainmniú mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO.
T 6 -42	Comhoibriú le agus éascú a dhéanamh do Bord Fáilte – South West agus gníomhaireachtaí ábhartha eile i bhforbairt turasóireachta bainteach le caisleáin, tithe agus gairdíní stairiúla a chur chun cinn mar tharraingtí turasóireachta nasctha.

6.8 Turasóireacht Ealaíona agus Cultúir

6.8.1 Cothaíodh ómós áite an Chontae agus an-chuid sraitheanna dá hoidhreacht cultúrtha i mbealach suntasach in ainneoin na hathruithe a tharla le blianta beaga anuas. Tá níos mó luacha á thabhairt do chultúr na hÉireann mar a chuirtear in iúil ina teanga agus a ailtireacht, tríd go dtí foirmeacha ealaíona agus suímh oidhreachta, mar léiriú ar ár bhféiniúlacht, stair agus éachtaí. I gcomhthéacs turasóireachta chomh maith tá sé mar shócmhainn eacnamaíoch, ar féidir a úsáid chun margaidh nideoige turasóireachta a shaothrú fad is a táthar ag cuir le hearnálacha turasóireachta eile.

6.8.2 Tá dhá cheantar Gaeltachta oifigiúil sa Chontae – Gaeltacht Chorca Dhuibhne i Leithinis an Daingean agus Gaeltach Uibh Rathaigh ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá Gaeltacht Chorcha Dhuibhne an-láidir ar fad le Gaeilge mar an teanga labhartha ag pobail áitiúla agus ról láidir aici i mórtas ceantair agus féiniúlachta na háite. Tá traidisiún saibhir an Chontae maidir le tionscail ceirdeanna, lena n-áirítear déantúsaíocht traidisiúnta curraigh, déanamh lása agus táirgí ealaíona, an-láidir i gceantair Ghaeltachta ach tá siad le feiceáil go forleathan in ionaid áitiúla eile chomh maith.

6.8.3 Tá cáil ar Chiarraí, le limistéir ar nós Sliabh Luachra agus an Daingean, dá cheol, amhránaíocht agus rince traidisiúnta. Ar fud an Chontae tá roinnt mhaith ionaid le haghaidh cultúr agus ceol traidisiúnta. Tá Siamsa Tíre – an Daon-Amharclann Náisiúnta i dTrá Lí eiseamláireach do ealaíon agus dráma Gaelach, fad is go bhfuil Finuge, baile Thí Siamse – mar ionad do bhéaloideas agus seanchas. Tá roinnt mhaith ionad cultúrtha eile suite ar fud an chontae cosúil leis na hionaid ceoil agus cultúrtha ag An Daingean lonnaithe san áit ina mbíodh an sean Eaglais na hÉireann agus Amharclann St. John & An Ionad Ealaíona i Lios Tuathail.

6.8.4 Tá Iarsmalanna agus Áiseanna Léirithe mar chuid tábhachtach den eispéireas saoire ag soláthar gné cultúrtha, stairiúil agus oideachais go dtí an eispéireas saoire. Ar fud an chontae tá raon iarsmalanna cosúil le Iarsmalann an Chontae a chuireann léiriúchán closamhairc ar fáil ar thírdhreach, séadchomharthaí, bailte agus traidisiúin an Chontae. I measc iarsmalanna eile áirítear an Seanchaí – Aonad Liteartha agus Cultúir Chiaraí i Lios Tuathail, Iarsmalann Bhaile an Fheirtéaraigh, the Kerry Bog Village Museum, Lárionad Cuairteoirí Mhuileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin agus Kilgarvan Motor Museum.

6.8.5 Tá sé mar chuspóir ag Fáilte Éireann Ciarraí a fhorbairt (Lios Tuathail, An Bhlascaod Mhór agus an Ghaeltacht, ach go háirithe) mar phríomh-chinn scríbe liteartha agus béaloidis na hÉireann. Tá sé ar intinn é seo a bhaint amach trí leordhóthain a chruthú i mais chriticiúil de ghníomhaíochtaí bunaithe ar an oidhreacht chun turasóirí a mhealladh chun na háite.

6.8.6 Is féidir le pleanáil i leith talamhúsáid ranníocaíocht suntasach a dhéanamh i dtreo fhorbairt ar úsáidí cultúrtha trí chruthú agus feabhsú a dhéanamh ar spásanna a léiríonn féiniúlacht cultúrtha áiteanna ar leith agus chun freastal ar úsáidí ealaíona a chothú trí dheiseanna criosaithe a úsáid. Déanann plean Purláin Thrá-Lí-Chill Airne forálacha le haghaidh forbairt ar na healaíona i roinnt foirmeacha. Molann an plean seo ceathrú le haghaidh forbairt ar na healaíona cruthaitheacha, lena n-áirítear na meáin, grafaicí, ceol beo agus taifeadta, i dTrá Lí agus samhlaítear forbairt ar úsáidí ealaíona cosúil le ceardlanna ceirde agus spásanna taispeántais i gCill Airne.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Ealaíona agus Cultúir
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -43	Obair le Fáilte Éireann, an Chomhairle Ealaíon agus comhlachtaí ábhartha eile chun na healaíona a spreagadh agus a fhorbairt ar fud an chontae.
T 6 -44	Oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíocht ceantair na Gaeltachta a chaomhnú tríd an straitéis lonnaithe agus cuspóirí forbartha an phlean seo.
T 6 -45	Forbairt na healaíona a spreagadh trí mhoil ealaíona a aithint agus a chruthú trí fhorálacha pleananna ceantair áitiúil
T 6 -46	Breathnú ar mholtaí le haghaidh ceardlanna, spásanna léirithe agus áiseanna bainteach le ealaíon i suímh chuí áit atá na moltaí faoi réir chuspóirí agus caighdeáin fhorbartha an phlean seo.

6.9 Áiseanna Uile-Aimsire

6.9.1 Tá éifeacht suntasach ag séasúracht ar earnáil turasóireachta an Chontae – braitheann an táirge turasóireachta go mór ar an aimsir agus baineann sé seo ó inbhuanaitheacht eacnamaíoch an chontae. Is féidir déileáil le seo go pointe áirithe trí ghníomhaíochtaí breise nach bhfuil ag braith ar an aimsir a fhorbairt agus táirgí cosúil le óstáin ar chaighdeán ard, áiseanna fóillíochta agus áiseanna imeartha taobh istigh a fhorbairt, a chabhraíonn an séasúr turasóireachta a shíneadh. Tá sé mar chuspóir ag Straitéis Turasóireachta Réigiúnach le Bord Fáilte an Iardheiscirt bunú tarraingt cuairteora suaitheanta a dhaingniú, a thógfaidh foirm áis faoi dhíon go dóchúil agus go bhféadfadh go mbeadh tionchar dearfach ag suíomh na forbartha seo ar dháileadh turasóirí sa chontae. Ba cheart go mbeadh cóiríocht chuairteoirí, ionaid léirithe agus áiseanna tráchtála/miondíola a bhíonn ag freastal ar an earnáil turasóireachta lonnaithe laistigh de lonnaíochtaí bunaithe ionas go mbeidís ag cothú naisc láidre le réimse iomlán de earnálacha eacnamaíocha agus tráchtála eile agus ag cothabháil an phobal óstaigh.

6.9.2 Is féidir le áiseanna mar seo cur le bainistíocht ar ró-fheidhmíocht agus fo-fheidhmíocht réimsí laistigh den Chontae. Tá foircinn in uimhreacha cuairteoirí ag príomh-tharraingtí fad is a théann cumas turasóireachta ceantair atá fo-fhorbartha gan saothrú Is féidir le suíomh tarraingtí uile-aimsire faoiseamh a thabhairt don mbrú ar tharraingtí coitianta fad is atá deis á chur ar fáil turasóirí a dhíriú i dtreo ceantair atá lag go heacnamaíoch a bhfuil an cumas acu fás mar chinn scríbe le haghaidh turasóirí.

6.9.3 Tá sráidbhailte saoire cois farraige, a bhí mar phríomh-chuid de thionscal turasóireachta na contae go traidisiúnta, ag dul i laghad toisc go bhfuil an spriocmhargadh atá acu, an teaghlach dúchasach, ag dul thar lear níos mó agus níos mó le haghaidh laethanta saoire. Braitheann

sráidbhailte cois farraige go mór ar an aimsir agus bhain sraith de shamhraí bochta an bonn óna dtarraingteacht mar cheann scríbe do laethanta saoire. Chun go bhféadfadh na sráidbhailte seo a seasamh a athghnóthann mar ionad saoire coitianta do theaghlaigh chaithfear áiseanna síondíonacha a chur ar fáil chun na conláistí nádúrtha eisigh a fhorlíonadh. Chun tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht i sráidbhailte cois farraige tá sé mar chuspóir de chuid na comhairle éascú a dhéanamh ar fhorbairt ar mholtaí le haghaidh áiseanna uile-aimseartha cuí bainteach le turasóirí.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Turasóireachta Uile-Aimsire
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -47	Forbairt ar tharraingtí agus conláistí atá neamhspleách ar an aimsir agus a thacaíonn le teaghlaigh a spreagadh i suímh ar leith a chuirfidh le scaipeadh turasóirí go ceantair le raon táirgí turasóireachta atá fo-fhorbartha faoi láthair.
T 6 -48	Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh idir-ghníomhaireachta chun bunú tarraingt turasóireachta príomha a dhaingniú i suíomh cuí agus faoi réir na cuspóirí agus na caighdeáin atá iniata i bhforálacha an phlean seo.
T 6 -49	Áiseanna páirceála a sholáthar ag Leithinis an Mhachaire, Lisleibane/ Macgillicuddy Reeks chun freastal ar dhreapadóirí agus siúlóirí sa cheantar.

6.10 Spóirt agus Conláistí

6.10.1 Lena thírdhreach ilghnéitheach, is lárionad nádúrtha é Contae Chiarraí le haghaidh tóireacha allamuigh lena n-áirítear galf, spóirt uisce, rothaíocht, siúlóid, marcaíocht agus iascaireacht ar ard-chaighdeán le haghaidh bradán agus breac. Tá roinnt mhaith ionad agus club le haghaidh cnocadóireacht, treodóireacht agus spóirt uisce ann. Tá cáil ar an gContae mar ionad le haghaidh siúl le líonra bunaithe le fada de shiúlóidí fadraoin lena n-áirítear The Beara Way, The Kerry Way, The Dingle Way, The Saint's Walk (Cosán na Naomh), The North Kerry Way agus The Shannon Way. Tá sé mar chuspóir de chuid na comhairle spreagadh a thabhairt do na húsáidí seo chun an turasóir eachtraíochta agus fóntais a mhealladh.

6.10.2 Tá cuid de na cúrsaí gailf is fearr sa tír ag Ciarraí lena n-áirítear Cúrsaí ag Baile an Bhuinneánaigh, Trá Lí agus ag An Coireán atá cáiliúil go hidirnáisiúnta. Cé go n-aithnítear go bhfuil galf agus gníomhaíochtaí eile cosúla mar shraith tábhachtach de ofráil turasóireachta na contae aithnítear chomh maith go bhfuil gá ag úsáidí mar sin a bheith i suíomh tuaithe a d'fhéadfadh a bheith ard i luachanna nádúrtha agus cultúrtha. Mar sin, gheobhaidh an chomhairle cothromaíocht idir inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus luachanna oidhreachta an tsuímh atá molta.

6.10.3 Tá roinnt mhaith ionad fóillíochta, linn snámha agus roinnt ionad eachtraíochta faoi dhíon agus taobh amuigh ann. Tá sé mar chuspóir ag Fáilte Ireland South West Regional Tourism Strategy forbairt ar áiseanna breise eachtraíochta a dhaingniú ar fud an chontae, agus obair i dtreo Geo-pháirc UNESCO a fhorbairt. Tá an Bord tiomanta chomh maith braisliú de ceithre nó cúig 'Ionad Barr Feabhais' a chur chun cinn agus ionaid bharr feabhais breise in iascaireacht farraige a spreagadh i réigiún Chorcaigh Chiarraí. Cuirfidh tionscadail mar seo Ciarraí i suíomh láidir mar cheann scríbe le haghaidh spórt agus áineas.

Cuspóir Uimh.	Spóirt agus Áineas
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -50	Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt Chiarraí mar cheann scríbe den chéadscoth le haghaidh turasóireacht bainteach le spórt agus áineas, i gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile.
T 6 -51	Forbairt ar spóirt eachtraíochta lasmuigh a chur chun cinn ar fud na contae.
T 6 -52	Comhoibriú leis an Chomhairle Náisiúnta Spóirt, Fáilte Éireann, National Way Marked Way Advisory Committee, Coillte, an Chomhairle Oidhreachta agus comhlachtaí ábhartha eile, chun tacaíocht a thabhairt do fhorbairt, chothabháil agus feabhsú ar bhealaí siúlóide ar fud an chontae i mbealach inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.
T 6 -53	Éascú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair atá riachtanach dóibh siúd atá ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí siúlóide, rothaíochta agus sléibhteoireachta.
T 6 -54	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt spóirt uisce, tonnmharcaíocht agus imeachtaí bainteach leis an uisce.
T 6 -55	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt bealach siúil ó Choill Baile Uí Shíoda go dtí Abhainn na Laoi i gcomhair le Comhairle Bhaile Trá Lí.

6.11 Turasóireacht Ghnó

6.11.1 Is earnáil bheag í turasóireacht ghnó faoi láthair sa mhargadh turasóireachta foriomlán ach is réimse é a bhfuil cumas suntasach le haghaidh fás ag baint leis, ach go háirithe i gconair Thrá-Lí-Chill Airne, áit atá an chuid is mó de na fiontair tráchtála suite gar de na lárionaid riaracháin réigiúnacha seo. Is féidir cumas na hearnála breisluacha seo a chur chun cinn le tuilleadh infheistíochta i raon na roghanna cruinnithe agus cóiríochta a bhuaileann le riachtanais na hearnála ghnó. Tá forbairt ar áiseanna coinbhinsiúin agus comhdhála breise le cumas siamsaíochta agus cóiríochta comhcheangailte riachtanach le haghaidh forbairt na hearnála seo.

Tá Cill Airne suite go maith chun úsáid a bhaint as an earnáil ghnó. Níl ach Baile Átha Cliath chun tosaigh ar an mbaile seo i dtéarmaí spásanna leapa agus tá se tar éis teacht isteach sa mhargadh le ionad comhdhála náisiúnta ann cheana féin. D'aithin plean purláin Trá-Lí/ Chill Airne suímh chuí le haghaidh ionaid chomhdhála i suímh straitéiseacha le úsáidí measctha.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Ghnó
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -56	Ciarraí mar cheann scríbe le haghaidh turasóireacht ghnó a thacú agus a éascú de réir Fáilte Ireland South West Regional Tourism Development Plan 2008- 2010.

6.12 Iompar agus Turasóireacht

6.12.1 Tá an margadh turasóireachta tar éis athrú le blianta beaga anuas le uimhreacha níos airde de chuairteoirí Eorpacha agus sruth leanúnach de thurasóirí trasatlantacha. Tá nádúr an éilimh turasóireachta tar éis athrú chomh maith le bogadh ó shaoirí treoraithe ag turais go turasóirí neamhspleácha ag lorg an bhonneagair chun cead a thabhairt dóibh bogadh go saor agus go háiseach idir tarraingtí sa chontae. Tá impleachtaí ar leith aige seo do chomhtháthú polasaithe turasóireachta, talamhúsáid agus iompair. Feabhsóidh talamhúsáid comhtháite agus pleanáil iompair an táirge turasóireachta agus taithí an chuairteora agus spreagfar iad chun achar níos faide a chaitheamh sa chontae. Tá gá ag an chomhtháthú seo le bonneagar iompair chun ceangail níos láidre a fhorbairt le ordlathas na dtarraingtí cuairteora, rochtain go cóiríocht chuí chomh maith le tírdhreach comharthaithe agus léirmhínithe go maith.

Cuspóir Uimh.	Iompar agus Turasóireacht
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
T 6 -57	Comhtháthú ar pholasaithe talamhúsáid agus iompair a chur chun cinn chun cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais uathúla na hearnála turasóireachta - ó theacht go imeacht i mbealach inbhuanaithe agus éifeachtach.
T 6 -58	Feabhas ar bhóithre, conláistí eisigh agus láthair amhairc ar bhealaí turasóireachta a chur chun cinn agus soláthar do pháirceáil, comharthaíocht ainmneacha áitiúil áiseanna poiblí agus rochtain i gceantair le radharcra álainn.
T 6 -59	Feabhas ar naisc iompair idir an t-aerfort ag An Fearann Fuar agus príomh-mhoil turasóireachta an Chontae a chur chun cinn.